



6ú Deireadh
Fómhair 2019

LÁ don
BHEATHA

**Sciúirse Drochíde
sa Teaghlach**

Dúirt Íosa:

‘Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.
Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,
ag fógairt a scaoilte do bhránna
agus aiseag a radhairc do dhaill;
ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;
ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.’

Lúcás 4:18-19

Roghnaigh na heaspaig Chaitliceacha in Éirinn, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus in Albain díriú ar dhrochíde sa teaghlach mar théama Lá na Beatha 2019. Is mian linn aire a ardú maidir le leitheadúlacht na faidhbe seo ar fud ár dtíortha.

Scéal Laura'

'Laura is ainm dom agus tá mé daichead a trí bliain d'aois. Tá triúr iníon agus garíníon álainn amháin agam. Le linn blianta fada mo phósta, bhain mo fhear céile drochíde asam arís agus arís eile. Briseadh mo ghiall agus mo fhiacra, agus ar roinnt ócáidí thachtaigh sé mé go dtí go raibh mé gan aithne gan urlabhra. Cé go raibh a fhios agam gur iompar do-ghlactha a bhí ann, theastaigh uaim go dtiocfadh rath ar an bpósadh ...'

Chun scéal iomlán Laura a léamh agus chun foghlaim faoi thionscnaimh na hEaglaise ar an ábhar seo, téigh chuig: www.catholicbishops.ie nó www.dayforlife.org. #DayforLife2019.

Fadhb Dofhulaingthe

Fulaingíonn duine as gach ceathrar bean, agus thart ar dhuine as gach seisear fear, drochíde sa teaghlach le linn a saoil. Dar le tuarascáil a foilsíodh i 2018², is iad fir a bhfuil aithne ag mná orthu, a dhúnmharaíonn nócha faoin gcéad de na mná a mharaítear in Éirinn. Foréigean marfach é seo maidir le drochíde sa teaghlach. Deir Cúnamh do Mhná go ndéantar na patrúin chontúirteacha atá i gcaidrimh mhí-úsáideacha a cheilt go ró-mhinic agus nach nglactar go dáiríre leo, rud a d'fhéadfadh mná a chur i mbaol ionsaí tromchúiseach nó dúnbhásaithe.

Fíric ar cúis aiféala é go bhfulaingíonn fir, mná agus leanaí drochíde teaghlaigh ag fir chéile, mná céile, tuismitheoirí agus baill eile

den teaghlach. Ní cheart go nglacfaí riamh le foréigean den chineál seo. Cion atá ann in aghaidh dínit an duine daonna.

An Pápa Proinsias

Aithníonn an Eaglais an ghortú a rinneadh orthu siúd a d'fhulaing drochíde teaghlaigh. Scríobh an Pápa Proinsias sa bhliain 2016:

Ní mór deireadh a chur le nósanna atá do-ghlactha. Táim ag smaoineamh go háirithe ar an drochíde a dháiltear ar mhná uaireanta, foréigean sa teaghlach agus cineálacha éagsúla sclábhaíochta, a léiríonn meatacht seachas cumhacht. Tá an foréigean briathartha, fisiceach agus gnéasach lena mhaireann roinnt mná ag teacht salach ar nádúr ghrá na lánúine. (*Amoris Laetitia*, 54)

Conas is féidir le paróistí agus le pobail Chaitliceacha a bheith ina náiteanna sábháilteachta, fáilte agus cúnamh?

Is glao é seo ar ghníomhú dár bparóistí, dár scoileanna agus dár bpobail Chaitliceacha machnamh, foghlaim agus gníomhú le chéile, ionas gur féidir linn cabhrú leo siúd atá ag fulaingt ó dhrochíde teaghlaigh inár bparóistí, inár n-ionaíid oibre agus fiú inár dtithe féin. Má bhímid ar an airdeall, is féidir linn, go hindibhidiúil agus i dteannta a chéile, difríocht mhór a dhéanamh i saoil daoine eile.

Tá sé in am tosú ag caint agus ag gníomhú. Téigh go to www.dayforlife.org nó www.catholicbishops.ie chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi cad is féidir leat a dhéanamh.

NOTES

1. Athraíodh an t-ainm chun féiniúlacht an mharthanóra a chosaint.
2. *Femicide Report*, 2018, le Cúnamh do Mhná.

Maidir le Lá don Bheatha

Déanann an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain. Lá atá ann chun tuiscint a mhúscailt ar bhrí agus ar luach shaol an duine ag gach céim agus i ngach riocht.
